

# DÁIL ÉIREANN

---

## JOINT COMMITTEE ON THE IRISH LANGUAGE, THE GAELTACHT AND THE IRISH-SPEAKING COMMUNITY

### COMHCHOISTE NA GAEILGE, NA GAELTACHTA AGUS PHOBAL LABHAR- THA NA GAEILGE

---

*Dé Céadaoin, 19 Eanáir 2022*

*Wednesday, 19 January 2022*

---

Tháinig an Comhchoiste le chéile ag 1.30 p.m.

The Joint Committee met at 1.30 p.m.

---

Comhaltaí a bhí i láthair / Members present:

Teachtaí Dála / Deputies	Seanadóirí / Senators
Dara Calleary,	Lorraine Clifford-Lee,
Pa Daly,	Niall Ó Donnghaile,
Joe McHugh,	Barry Ward.
Aindrias Moynihan.	

I láthair / In attendance: Deputies Mairéad Farrell and Éamon Ó Cuív.

Teachta / Deputy Aengus Ó Snodaigh sa Chathaoir / in the Chair.

## Gnó an Chomhchoiste

**Chairman:** Is féidir linn toisc go bhfuil ceithre comhaltaí i láthair, Teachtaí Dála agus Seanadóirí san áireamh. Déanfaidh mé siúd atá i láthair a ainmniú toisc go bhfuil siad anseo go fiorúil. Tá na Seanadóirí Ward agus Clifford Lee agus na Teachtaí Aindrias Moynihan agus mé féin anseo. Tá leithscéal faigte agam ón Teachta Connolly. Níl sí in ann a bheith anseo ag túis an chruinnithe ar aon chaoi ach b’fhéidir go mbeidh sí linn níos déanaí.

Tá dhá mhír oibre ar an gclár agus b’fhéidir go mbeidh na comhaltaí in ann cuidiú liom leis an gcéad cheann, is é sin na cuirí reatha atá tugtha ag an gcoiste chuig an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán; an Aire Sláinte; an Aire Dlí agus Cirt; agus Ard-Rúnaí na Roinne Sláinte. Táimid tar éis cuirí a thabhairt dóibh teacht os ár gcomhair chun labhairt linn faoi ábhair dhifriúla. Mar shampla, thug muid cuireadh don Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ar an 4 Deireadh Fómhair, ar an 4 Samhain, ar an 19 Samhain agus ar an 22 Nollaig teacht os ár gcomhair agus a tuairimí a mhalartú linn maidir le leithdháil airgeadas na Roinne chomh fada is a bhaineann sé leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le pobal labhartha na Gaeilge don bhliain seo. Tá sí tar éis diúltú go dtí seo agus a rá linn go bhfuil freagracht as na hábhair sin ag an Aire Stáit, an Teachta Chambers, in ainneoin go rinneamar a mhíniú gur sise a dhéanann an cinneadh maidir leis an gcéatadán den bhuiséad iomlán atá ag an Roinn sin.

Chuir muid cuireadh chuig an Aire Dlí agus Cirt teacht os ár gcomhair ar an 2 Feabhra chun déileáil le cén fáth gur fuarthas réidh leis na riachtanais bunrialacha d’iarrthóirí lena bheith incháilithe le hardú céime a fháil chun céimeanna saírsint nó cigire a fháil, an grád 50% a bhaint amach sa scrúdú inniúlachta béal sa Ghaeilge. Chomh maith leis sin, theastaigh uainn labhairt léi maidir le cinneadh an Rialtais nach mbeadh Gaeilge riachtanach níos mó ag baill den Gharda Síochána. In ainneoin dhá cuireadh ar an 21 Nollaig agus ar an 5 Eanáir agus ceithre meabhrúcháin, níl aon fhreagra faigte againn uaithi.

Chuir muid cuireadh chuig an Aire Sláinte ar an 16 Meán Fómhair agus ar an 2 Samhain. Bhíomar ag lorg go dtiocfad sé os ár gcomhair ar an 17 Samhain maidir leis an gceist a rinneamar plé air roimhe sin, is í sin seirbhísí sláinte trí mheán na Gaeilge i gcomhair pobail na Gaeltachta agus pobail labhartha na Gaeilge le linn na paindéime, agus ina dhiaidh, teiriipe urlabhra agus sainteiripí eile san áireamh. Ní raibh sé ar fáil ar an dáta sin agus mar sin tá cuireadh eile tugtha againn dó, dár dáta an 5 Feabhra, chun an t-ábhar sin a phlé linn ar dáta dá rogha féin. Ní bhfuair muid aon fhreagra uaidh ó sin.

Chomh maith leis sin, bhí an comhchoiste ag iarraidh go mbeadh Ard-Rúnaí na Roinne Sláinte linn. I gcomhfhereagras, dár dáta an 22 Nollaig agus an 5 Eanáir, d’iarr muid air teacht os ár gcomhair ar an 9 Feabhra chun an t-ábhar céanna a phlé. Bhí ar an gcomhchoiste trí ríomhphoist eile a chur chuige ar an 14 Eanáir, ar an 17 Eanáir agus ar an 18 Eanáir sula bhfuair muid freagra uaidh. Sa fhreagra, chuir sé in iúl nach bhfuil sé sásta teacht os ár gcomhair mar a d’iarr muid. Tá sé ag iarraidh go gcuirfeadh sé ionadaithe os ár gcomhair agus sin na hionadaithe céanna a bhí againn cheana ón Roinn Sláinte ag déileáil leis an gceist seo, seachas é féin atá freagrach san iomlán ar an gceist seo. Sin an freagra a fuaireamar ach bhí na hionadaithe sin os ár gcomhair ar an 10 Samhain.

Níl a fhios agam cad eile gur féidir linn a dhéanamh maidir leis na cuirí sin agus an sórt neamhairde atá á déanamh ag Airí agus ag státseirbhísigh sinsearacha maidir leis a gcúramí i leith na Gaeilge agus maidir leis an bhfreagracht atá acu teacht os comhair choiste Oireachtais chun

na ceisteanna sin a phlé. In ainneoin an Achta nua a bheith ann, tá an cuma air go bhfuil daoine fós ag déanamh neamhairde. An bhfuil tuairim ag comhaltaí cad ar chóir dúinn a dhéanamh ag an staid seo? Aithním go bhfuil na Teachtaí Daly agus Mairéad Farrell tar éis teacht isteach sa chruinniú. An bhfuil aon tuairim ag aon duine cad ar féidir linn a dhéanamh seachas scríobh chuig nó labhairt leis an gCeann Comhairle nó scríobh arís chuig na hAirí agus na hoifigh sinsearacha atá ag déanamh neamhairde orainn? Is féidir liom é a chur síos mar ábhar don chéad chruinniú phríobháideach eile, ach idir an dá linn iarraim ar chomhaltaí cead a thabhairt dom dul agus labhairt leis an gCeann Comhairle agus féachaint an bhfuil aon bhealach ó thaobh Buan-Orduithe na coistí, na Dála, nó an Oireachtas i gcoitinne gur féidir linn brú a chur ar na hAirí agus an Ard-Rúnaí teacht os ár gcomhair. An bhfuil sé sin aontaithe? Aontaithe. Glacaim leis sin.

### **Tithíocht agus Cúrsaí Pleanála Fisiciúla sa Ghaeltacht: Plé (Atógáil)**

**Chairman:** Cuirim fáilte roimh na finnéithe ar fad ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Tá siad ag freastail ar an gcuinniú ar líne ó áit lasmuigh de phurlán Thithe an Oireachtas. Is iad: Ailish Breathnach, oifigeach Gaeilge; Liam Blake, pleanálaí feidhmeannach sinsearach; Helen Coleman; pleanálaí feidhmeannach sinsearach; agus Caroline Phelan, pleanálaí sinsearach. Tá fáilte roimh na hionadaithe ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Gabhaim buíochas leo as a gcúnamh a thabhairt dúinn inniu.

Sula leanfaidh mé ar aghaidh, tá dualgas orm na rialacha agus na treoracha seo a leanas a leagan faoi bhráid na ndaoine atá ag freastal ar an gcuinniú seo. Is mian liom a mheabhrú do chomhaltaí, d'fhiinneithe agus do bhaill foirne a chinntí go bhfuil a ngutháin soghluaiste múchta le linn an chruinnithe. Tá sé tábhachtach é sin a chinntí ionas gur féidir linn taifeadadh ceart a dhéanamh ar an gcuinniú seo.

Tá rogha chomh maith ag comhaltaí freisin freastal ar na cruinnithe go fisiciúil sa seomra coiste nó freastal go fiorúil agus tá na comhaltaí ar fad go dtí seo ag freastal go fiorúil. Aithneoidh iad agus má tá siad ag iarraidh labhairt, caithfidh siad a lámha a chur in airde agus glaoídh mé orthu in ord na lámh a fheicim atá curtha in airde nuair a bheidh ráiteas tosaigh na bhfinnéithe críochnaithe. Nuair a bhíonn na comhaltaí ag freastal ar na cruinnithe óna n-oifigí ó Thithe an Oireachtas, caithfidh siad soiléiriú a dhéanamh chun iad a fheiceáil le linn dóibh an fiseán a bheith ar siúl acu, ionas gur féidir liom, leis na comhaltaí, leis na finnéithe agus leis na baill foirne iad a fheiceáil. Ba chóir dóibh a bheith ar an eolas gur féidir le gach duine eile sa chruinniú iad a fheiceail ar an scáileán agus a chloisteáil agus déan cinnte de mar sin go bhfuil na micreafóin múchta mura bhfuil siad ag labhairt.

Bogfaimid ar aghaidh mar sin agus nuair a bheidh na comhaltaí céanna agus na baill foirne atá ag freastal ar an gcuinniú sa seomra coiste féin, measaim go mbeidh duine nó dó mar sin, caithfidh siad achar cosanta sóisialta a ghlacadh maidir le Covid-19. Má ghlaoitear vóta, déanfaimid é sa ghnáthbhealach i seomra an choiste.

Ba mhaith liom freisin an chuid eile seo a rá freisin. Ba mhaith liom aird na bhfinnéithe a dhíriú inniu go bhfuil siad, de bhua Bhunreacht na hÉireann agus reachtaíochta araon, faoi chosaint ag lán-phribhléid maidir leis an bhfianaise a thugann siad don chomhchoiste chomh fada agus atá siad lonnaithe laistigh de phurlán Thithe an Oireachtas. Ba mhaith liom a chur ar aird na bhfinnéithe inniu go bhfuil an chosaint sin acu nuair atá siad lonnaithe dá réir ach tá orm aird na bhfinnéithe atá os comhair an choiste a dhíriú ar an bhfíric nach féidir leo brath ar an

gcosaint sin má tá siad ag tabhairt fianaise dúinn ó lasmuigh de phurláin Thithe an Oireachtais. Molaim dóibh ar fad a bheith cúramach agus má ordaíonn an comhchoiste dóibh éirí as fianaise a thabhairt i leith ní áirithe, déan amhlaidh láithreach. Ordaítear dóibh gan aon fhianaise a thabhairt nach fianaise í a bhaineann le hábhar na n-imeachtaí atá á bpclé ag an gcomhchoiste agus ba chóir dóibh a bheith ar an eolas go bhféadfarr na ráitis tosaigh a chuireann siad faoi bhráid an chomhchoiste a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an chomhchoiste tar éis an chruinnithe seo. Fiafraítear d'fhinnéithe agus do chomhaltaí araon cleachtadh parlaiminte a urramú nár chóir, más féidir, duine nó eintiteas a cháineadh ná líomhaintí a dhéanamh ina n-aighaidh ná tuairimí a thabhairt maidir leo ina ainm, ina hainm nó ina n-ainmneacha nó ar shlí a bhféadfaí iad a aithint. Chomh maith leis sin, fiafraítear dóibh gan aon rud a rá a d'fhéadfaí breathnú air mar ábhar síobháilteach do dhea-chlú aon duine nó eintiteas. Mar sin, dá bhféadfad a ráitis a bheith clúmhillteach do dhuine nó eintiteas aitheanta, ordófaí do na finnitéithe éirí as a ráitis sin láithreach. Tá sé ríthábhachtach go ngéillfeadh siad leis an ordú sin má tharlaíonn sé.

Leis an méid sin ar fad a bheith ráite agam, agus gach duine aitheanta ag an gcuinniú, iarrfaidh méanois ar príomhfhinnéithe ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe an ráiteas tosaigh a dhéanamh. Níl a fhios agam cé a bheidh ag déanamh é sin.

**Ms Ailish Bhreathnach:** Is mise a bheidh ina bhun sin, a Chathaoirligh.

Ba mhaith linn buiochas a ghlacadh leis an gcomhchoiste as cuireadh a thabhairt dúinn an óráid seo a dhéanamh maidir le tithíocht agus cursaí pleanála fisiciúla sa Ghaeltacht. Baineann cathair na Gaillimhe, nó cathair na dtreabh, mar a thugtar freisin uirthi, tairbhe as stádas Gaeltachta i gcuid mhór den chathair. Chomh maith leis sin, mar gheall go bhfuil an chathair suite i gContae na Gaillimhe, gníomhaíonn sí mar thairseach go dtí an ceantar Gaeltachta is mó sa tir atá i gceantar fairsing Chontae na Gaillimhe.

Tá an Ghaeilge mar chuid chomh lárnach sin de chultúr, oidhreacht agus féiniúlacht na cathrach gur ghlac an chathair féin le teideal chéad chathair dhátheangach na hÉireann trí fhé-indearbhú in 2016. Léirítear sa teideal seo an meon dearfach trí chéile sa chathair agus i measc comhlachtaí poiblí agus príobháideacha i leith aitheantas dátheangach. Tá fuinneamh láidir ann sa chathair leis an teanga a chothú agus le lónraí sóisialta labhartha Gaeilge, institiúidí trí mheán na Gaeilge, agus áiseanna oideachais agus cultúir a neartú. Tugtar tacaíocht freisin go mór mhór le húsáid agus láithreacht amhairc na teanga agus na hoidhreachta a bhaineann leis an teanga a mhéadú sa phobal agus i gcúrsaí gnó. Tacaíonn an chathair le roinnt institiúidí sóisialta agus cultúrtha, cosúil le Taibhdhearc na Gaillimhe, Gaillimh le Gaeilge agus Áras na nGael, a ghlacann le ról ceannais i gcur chun cinn cultúrtha na teanga sa chathair.

Tá stádas Gaeltachta ag beagnach leath den chathair, ar bhonn achair, agus tugadh le fios sa daonáireamh is deireanaí a rinneadh ar an gcatáir iomlán in 2016 gur mhaígh 41% den daonra gur féidir leo an Ghaeilge a labhairt. Tagann laghdú mór air seo, áfach, nuair a dhéantar é a chainníochtú i leith an mhéid daoine a labhraíonn an teanga gach lá lasmuigh den chóras oideachais. Nuair a aithnítear gur féidir an teanga a úsáid go pointe áirithe mar theanga phobail nó institiúide sa chathair, aithnítear go fóill go n-úsáidtear é i roinnt lónraí sóisialta, sa phobal agus in institiúidí oideachais. Feidhmíonn an chathair mar ionad seirbhísé tacaíochta don cheantar Gaeltachta níos fairsinge i gContae na Gaillimhe. Aithnítear freisin go bhfuil an teanga mar chuid lárnach d'oidhreacht chultúrtha na cathrach, go dtugann a saoránaigh tacaíocht fhabhrach di agus go dtugann an chomhairle cathrach túis aíte do gach tacaíocht indéanta a thabhairt chun an oidhreacht seo, an pobal Gaeltachta agus an pobal cainteoirí Gaeilge gaolmhara lasmuigh de theorainneacha na Gaeltachta a chothú.

Tá beartas ar leith i bPlean Forbartha na Cathrach 2017– 2023 reatha agus sa dréachtphlean forbartha cathrach 2023-29 a bheidh ar aon dul leis an gcuspóir éigeantach sa reachtaíocht phleanála a iarrann ar údaráis áitiúla cuspóirí a chur san áireamh ar mhaithe le:

.... oidhreacht theangeolaioch agus chultúrtha na Gaeltachta a chosaint, an Ghaeilge a chur chun cinn san áireamh mar theanga an phobail, nuair atá Gaeltacht i limistéar an phlean forbartha.

Aithnítear i bPlean Forbartha na Cathrach 2017-2023 oidhreacht uathúil chultúrtha agus theangeolaioch na Gaeltachta, tábhacht níos fairsinge na teanga agus luach gaolmhar an chultúir agus na hoidhreachta don chathair agus do na ceantair sa chathair atá san áireamh agus lonnaithe lasmuigh de theorainn na Gaeltachta.

Tagraímanois do mhír 7.22 faoin teideal dátheangach i bPlean Forbartha na Cathrach 2017-2023. Baintear úsáid as an nGaeilge ar bhonn laethúil sa chathair. Tá stádas Gaeltachta ag cuid mhór den chathair agus is ionad seirbhíse an chathair do Ghaeltacht Chonamara. Tá daonra 48,907 duine i nGaeltacht Chonamara agus is ionann sin agus 48.5% de dhaonra iomlán na nGaeltachtaí sa Stát. Cónaíonn tuairim is 15,300 duine den daonra sin i mbruachbhailte na cathrach. Sa daonáireamh in 2011, i measc chathracha an Stáit, bhí an ráta is airde de Ghaeilgeoirí i gcathair na Gaillimhe, 44.2%, agus is ann a bhí an sciar is mó den daonra a labhair Gaeilge gach lá: 3.3%. Maidir leis seo, tá ról tosaíochta ag eagraíochtaí amhail Gaillimh le Gaeilge, Taibhdhearc na Gaillimhe, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Áras na Gaeilge, TG4 agus Áras na nGael i gcur chun cinn na teanga sa chathair. Féadfaidh an pleán forbartha tacú le soláthar úsáide talún agus an ghné spásúil a bhaineann le cothú agus cosaint oidhreacht chultúrtha na Gaeltachta.

Leanfaidh an chomhairle ag tacú le tionscnaimh ar bhonn náisiúnta agus áitiúil chun stádas dátheangach na cathrach a dhaingniú, lena n-áirítear aidhmeanna Ghaillimh le Gaeilge d'fhoínn an stádas oifigiúil príomhchathair dhátheangach na hÉireann a bhaint amach. Cuideoidh tionscnaimh na comhairle le baint amach na haidhme seo, mar shampla, bóithre nua, logainmneacha áiteanna cónaithe agus comharthaíocht ar aghaidheanna siopa agus forbairt tráchtála a ainmniú trí Ghaeilge.

Luafaidh mé beartas 7.3anois, lena n-áirítear oidhreacht shaintréitheach chultúrtha agus theangeolaioch Ghaeltachta na cathrach a chosaint agus a chur chun cinn; úsáid na Gaeilge agus na comharthaíochta dátheangaí a spreagadh i gcúrsaí tráchtála agus san fhearrann poiblí; úsáid na Gaeilge a chur chun cinn de réir mar atá forbairt nua, bóithre nua agus páirceanna nua á n-ainmniú; éascú a dhéanamh ar fhorbairt bonneagair, a thacaíonn le cur chun cinn oidhreacht chultúrtha agus theangeolaioch na cathrach, más iomchuí; agus go bhféachfaidh an chomhairle le limistéar pleánála teanga Gaeltachta a shainiu sa chathair. Murab ionann agus formhór na gceantar eile a bhfuil stádas Gaeltachta acu, údarás ar leith uirbeach atá sa chathair ina meallann na tailte go léir cuspóir ar leith um chriosú úsáide talún. Tá roinnt criosú ann a thacaíonn le forbairt cónaithe a fhorbairt. Baintear láthair agus méid na dtailte criosaithe agus an tacaíocht ghaolmhar a shonraítear sa straitéis lonnaíochta amach tar éis treoir beartais náisiúnta agus réigiúnach i gcomhar le straitéis tithíochta ar leith chathair na Gaillimhe a ullmhú. Murab ionann agus údaráis áitiúla tuaithe Gaeltachta, níl aon chuspóirí ar leith ann maidir le srian a chur ar cheantair áirithe chun riachtanais tithíochta iad siúd a bhfuil inniúlacht láidir acu sa Ghaeilge a éascú agus nuair is gá measúnachtaí tionchair theangeolaioch a dhéanamh. Ina ionad sin, spreagtar tithíocht a fhorbairt ar an gcriosú ábhartha um úsáid talún, nuair a shainítear é sin ar mhaithe le pleánáil cheart agus forbairt inbhuanaithe. Déantar soláthar do na cuspóirí tithíochta siúd i gceantair chuí na Gaeltachta agus i gceantair neamh-Ghaeltachta na cathrach. Tá tithíocht

a thoilítear sa dá cheantar seo sásta glacadh leis an ngnáthbhealach soláthair do chách, iad siúd san áireamh ar cainteoirí Gaeilge iad agus iad siúd nach cainteoirí Gaeilge iad.

Cuirtear tacaíocht bheartais dhearfach san áireamh freisin i ndréachtphlean forbartha chathair na Gaillimhe 2023-29 chun cosaint oidhreacht theangeolaíoch agus chultúrtha na Gaeltachta agus chothromaíocht na cathrach mar chathair dhátheangach a chothú agus a neartú.Luaitear i mír 7.4 de dhréachtphlean forbartha na cathrach:

Tá an Ghaeilge mar chuid chomh lárnach sin de chultúr, oidhreacht agus féiniúlacht na cathrach. Tá stádas Gaeltachta ag beagnach leath den chathair agus tugadh le fios i ndaonáireamh 2016 gur mhaígh 41% den daonra gur féidir leo an Ghaeilge a labhairt. Tá pobail i gCnoc na Cathrach, Mionlach agus an Caisleán Gearr i nGaeltacht na cathrach. Is í Gaeltacht na Gaillimhe (Gaeltacht Chonamara) an ceantar Gaeltachta is mó sa tir agus is ionann é agus 50.8% de dhaonra iomlán na Gaeltachta. Baile Seirbhísé Gaeltachta ainmnithe í an chathair faoi Acht na Gaeltachta, 2012 ina n-aithnítear an ról tábhachtach a ghlacann sé i dtaobh tacú leis an bpobal Gaeltachta trí sheirbhísí poiblí agus fóillíocht agus conláistí sóisialta agus tráchtála a sholáthar. Mar chuid d'ainmniú na cathrach mar Bhaile Seirbhísé Gaeltachta, ceadaíodh plean Gaeilge, Pleán Teanga Chathair na Gaillimhe 2020-2026, ar leibhéal Aire. Tá an Ghaeilge mar chuid lárnach den bheatha sa chathair agus glacann eagraíochtaí cosúil le Taibhdhearc na Gaillimhe, OÉG, Gaillimh le Gaeilge agus Áras na nGael, Raidió na Gaeltachta agus TG4 le ról ceannais i gcur chun cinn cultúrtha na teanga sa chathair mar chéad chathair dhátheangach na hÉireann, a ainmníodh in 2016. Tá dhá limistéar pleanála teanga sa chathair, Oirtheor Chathair na Gaillimhe agus an limistéar thiar ag Cnoc na Cathrach, cuid de limistéar pleanála teanga Bhearna-Chnoc na Cathrach. Tá mar aidhm ag pleannanna teanga a ullmháitear do na limistéir seo tacú le húsáid laethúil na Gaeilge trí bhearta lena húsáid, oideachas agus suíomhanna sóisialta, gnó agus poiblí a chur chun cinn agus a neartú.

Aithníonn an Chomhairle gur sócmhainn oidhreachta cultúrtha í an Ghaeilge agus leanfaidh sí ag tacú le tionscnamh le stádas dátheangach na cathrach a neartú. Déanann an Pleán oidhreacht theangeolaíoch agus chultúrtha na Gaeltachta a chur chun cinn agus a chosaint agus tacaíonn sé le cur i bhfeidhm na bpleannanna teanga sa chathair agus leanann sé le comhtháthú úsáid na Gaeilge a chur i bhfeidhm trí bhóithre nua, logainmneacha áiteanna cónaithe agus comharthaíocht ar aghaidheanna siopa agus forbairt tráchtála a ainmniú.

Luann alt 7.4, Cathair Dhátheangach:

1. Oidhreacht shaintréitheach chultúrtha agus theangeolaíoch na cathrach a chosaint agus a chur chun cinn agus leanúint ag tacú le stádas na Gaillimhe mar Chathair Dhátheangach agus tábhacht na Gaeilge mar acmhainn chultúrtha, phobail agus gheilleagrach a aithint.

2. Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn de réir mar atá forbairtí cónaithe, bóithre poiblí agus páirceanna nua á n-ainmniú agus a spreagadh go n-úsáidtear comharthaíocht Ghaeilge/ dhátheangach san fhearrann tráchtála agus poiblí.

3. Tacú le agus éascú a dhéanamh ar fhorbairt bonneagair, a chuireann oidhreacht chultúrtha agus theangeolaíoch na cathrach chun cinn, más iomchuí.

4. Tacú le cur i bhfeidhm Phlean Teanga Chathair na Gaillimhe 2020-2026 agus ainmniú na cathrach mar Bhaile Seirbhísé Gaeltachta.

Áirítear léarscáileanna i ndréachtphlean forbartha chathair na Gaillimhe chun na codanna

sin den chathair lena mbaineann stádas Gaeltachta a aibhsíú agus aitheantas a thabhairt dóibh. Tugtar aitheantas sa dréachphlean freisin d'ainmniú na cathrach le déanaí mar bhaile seirbhíse Gaeltachta. Aithnítear ann freisin pleán teanga chathair na Gaillimhe 2020-2, arna fhaomhadh le déanaí agus a léiríonn go bhfuil cathair na Gaillimhe ríthábhachtach mar bhaile seirbhíse Gaeltachta i bhfianaise a clú sheanbhunaithe ó thaobh na Gaeilge de, agus a suíomh in aice leis an gceantar Gaeltachta is mó agus is láidre sa tir. Táthar tar éis leanúint ar aghaidh i ndréachphlean forbartha na cathrach ag cur leis na beartais arna leagan amach sa phlean reatha, agus luaitear sa dréachphlean go dtabharfar tacaíocht don phlean teanga a foilsíodh le déanaí, agus d'ainmniú na cathrach mar bhaile seirbhíse Gaeltachta.

Déantar foráil sa phlean reatha agus sa dréachphlean araon do réimse beartas agus cuspóirí a thacaíonn le seirbhísí agus bonneagar, lena n-áirítear cúrsaí iompair, cúrsaí oideachas, cúrsaí cultúir, cúrsaí sláinte, cúrsaí tráchtála agus cúrsaí áineasa. Tá na beartais agus na cuspóirí sin den scála iomchuí chun freastal a dhéanamh ar limistéar atá níos mó ná an chathair féin agus chun tacú le hinmharthanacht mhórcheantar Ghaeltacht na Gaillimhe.

Maidir le cultúr, is léir ón bplean forbartha iontach agus ón dréachphlean forbartha araon go bhféachtar ar muintir agus ar chultúr na Gaillimhe mar chuid lárnach d'fhéiniúlacht na cathrach agus mar cheann de na láidreachtaí is mó a bhaineann léi. Meastar go gcuireann oidhreacht shaibhir na cathrach ó thaobh cultúir agus teanga de, chomh maith le saol beo bríomhar na cruthaitheachta, go mór leis an timpeallacht mhaireachtála ar leith do chóintheoirí agus leis an timpeallacht fháilteach spreagúil a mheallann cuairteoirí chun na cathrach freisin. Go ginearálta, tugtar aitheantas sna beartais d'fhéiniúlacht chultúrtha láidir agus uathúil na cathrach agus aithnítear go bhfuil leagáid na Gaeilge ina gné lárnach den fhéiniúlacht sin. Tá tacaíocht beartais ag an bplean forbartha chun leathnú agus forbairt thionscail chultúrtha, thionscail ealaíona agus thionscail chruthaitheachta na cathrach a spreagadh, agus chun oidhreacht teangeolaíochta na cathrach a neartú freisin.

Tugann an pleán tacaíocht aitheanta chun pleannanna tánaisteacha eile amhail Everybody Matters: Creatstraitéis um Inbhuanaitheacht Chultúir do Ghaillimh 2016-25, pleán oidhreachta chathair na Gaillimhe, pleán ealaíona chathair na Gaillimhe agus na cláir ealaíona ghaolmhara a chur chun cinn. Tá gach ceann de na pleannanna sin tiomanta d'oidhreacht agus luach teangeolaíoch na Gaeilge a chur chun cinn i gcomhthéacs cultúr a dhéanann úsáid phobail agus sóisialta na teanga a chur chun cinn tuilleadh.

Maidir leis an ngeilleagar, aithníonn pleán forbartha na cathrach an luach eacnamaíoch a bhaineann leis an teanga agus an gcultúr teangeolaíoch gaolmhar mar a shainaithnítear sna beartais sin atá sa phlean a bhaineann leis an gcultúr oidhreachta agus turasóireachta. Léirítear iad i roinnt bealaí éagsúla lena n-áirítear an focal labhartha, sa litríocht, i sócmhainní ábhartha agus sa cheol, agus déantar iad a chomhtháthú freisin i bhféilire bliantúil na bhféilte. Tugann pleán forbartha na cathrach tacaíocht beartais freisin don phlean áitiúil eacnamaíochta agus pobail, LECP, a bhfuil sé mar aidhm aige na buntáistí geilleagracha, cultúrtha agus sóisialta a bhaineann le húsáid na Gaeilge a chaomhnú agus a chinntíú.

Maidir le hoidhreacht thógha, anuas air sin, áirítear i bplean forbartha na cathrach beartais maidir le foirgnimh, struchtúir agus limistéir chaomhantais ailtireachta a chosaint. Is léiriú díreach ar an nGaeilge agus ar an oidhreacht theangeolaíoch iad cuid de na struchtúir seo. Baineann siad go ginearálta freisin le hoidhreacht chultúrtha na Gaeltachta, mar shampla, an dealbh de Phádraic Ó Conaire agus an teach inar saolaíodh é, agus an dealbh de húicéir na Gaillimhe. Tá eagraíochtaí a chuireann an Ghaeilge chun cinn lonnaithe i struchtúir eile atá faoi chosaint amhail Áras na nGael agus Taibhdhearc na Gaillimhe, agus trí na foirgnimh seo a

chosaint, cinntítear go bhfuil árais chosanta stairiúla oiriúnacha ag na heagraíochtaí seo.

Déanann pleán forbartha na cathrach caomhnú na struchtúr go léir atá faoi chosaint a chur chun cinn trí bheartais tacaíochta. Tugann sé spreagadh do dhaoine agus eagraíochtaí iarratais a dhéanamh ar dheontais ionchasacha chun oibreacha caomhnaithe gaolmhara a dhéanamh. Go háirithe i gcomhthéacs na hoidhreachta teangeolaíche, áiríodh leis na deontais seo i mbliana agus anuraidh maoiniú a bhain go sonrach le haghaidheanna siopa stairiúla Gaeilge a chaomhnú.

Ceadaítear sa bheartas i bpleán forbartha na cathrach go leanfar ar aghaidh leis an gcleachtas seánbhunaithe a bhaineann le hainmneacha Gaeilge amháin a chur ar fhorbairtí cónaithe nua, beag beann ar an áit a bhfuil siad lonnaithe, mar shampla, i gceantar Gaeltachta na cathrach nó taobh amuigh de sin. Áirítear an méid seo a leanas sa bheartas sonrach sin: cur chun cinn a dhéanamh ar úsáid na Gaeilge agus forbairtí cónaithe nua agus bóithre agus páirceanna poiblí á n-ainmniú.

Ceadaíonn an beartas seo do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe coinníollacha a chur le deonuithe ceada le haghaidh forbairtí cónaithe. Dá réir sin, déanann sé seo an coiste logainmneacha, ar a bhfuil ionadaithe ó eagraíochtaí éagsúla ar fud na cathrach a mbaineann cúlra agus saineolas éagsúil leo, a éascú ainmneacha Gaeilge a leagan ar fhorbairtí tithíochta.

Déantar foráil freisin i mbeartas phlean forbartha na cathrach ar chomharthaíocht dhátheangach a chur chun cinn laistigh d'fhorbairtí tráchtála. Meastar go gcabhraíonn an dá bheartas seo sa phlean forbartha chun an Ghaeilge a choinneáil, a neartú agus a normalú sa chathair ar fad agus an teanga a dhéanamh níos feiceálaí trí chomharthaíocht Ghaeilge a úsáid.

Déantar foráil i bpleán forbartha na cathrach do bheartais tacaíochta le haghaidh saoráidí oideachais uile. Baineadh tairbhe as an mbeartas áirithe seo ó thaobh Gaelscoileanna a sholáthar sa chathair. Chuir an pleán forbartha roimhe seo talamh i gCnoc na Cathrach in áirithe go sonrach le haghaidh meánscoile. Ina dhiaidh sin, d'éascaigh an beartas seo an talamh a fháil tríd an bpróiseas um ordú ceannaigh éigeantaigh agus ar deireadh thiar thall, chabhraigh sé chun suíomh buan a fháil le haghaidh Choláiste na Coiribe, lena n-áirítear talamh áineasa agus fóntais in aice láimhe a chriosú agus a sholáthar i gceantar Gaeltachta na cathrach.

D'éascaigh an pleán freisin leis an mbunscoil Gaelscoil Mhic Amhláigh a thógáil ar shuíomh bunaidh na scoile ar Bhóthar na Ceapaí. Bhí beartas an phlean, in éineacht le hidirbheartaíocht dhíreach oifigigh na rannóige pleánála, ríthábhachtach ó thaobh suíomh mór nua a fháil. Athlonnáodh an scoil chuig an suíomh nua seo a thug deis fháis di, mar aon le foirgneamh buan réamhscoile ar leithlígh. D'éascaigh an rannóg phleanála an fhorbairt seo tuilleadh trí thacú le beartas an phlean forbartha agus trí phróiseas sáraithe ábhartha a mhóladh chun an scoil áirithe seo a cheadú. Cé go bhfuil an scoil suite lasmuigh de theorainn Ghaeltachta na cathrach anois, tugtar aitheantas i mbeartas an phlean don tiomantas do chathair dhátheangach agus do na buntáistí a thugann tacaíocht beartais do thumadh sa teanga tríd an oideachas.

Déantar foráil i bpleán forbartha na cathrach freisin do thacaíocht beartais chun leathnú inbhuanaithe Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, a cheadú, ag tarraingt airde ar thiomantas uathúil Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, d'oideachas a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge agus ar aidhm na hollscoile freastal a dhéanamh ar an nGhaeltacht agus ar phobal na Gaeilge, agus campas dátheangach a chruthú.

Mar a léirítear san aighneacht seo, tá beartais an phlean leagtha amach chun úsáid agus infheictheadh laethúil na Gaeilge a choinneáil, a neartú agus a mhéadú agus chun cosaint a

dhéanamh ar an oidhreacht chultúrtha a bhaineann le stádas Gaeltachta na cathrach agus ar cháil na cathrach mar chathair dhátheangach. Anuas air sin, comhlíonann an rannóg phleanála a dualgais ar fad de bhun Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus i gcomhréir le scéim teanga Comhairle Cathrach na Gaillimhe, agus foilseofar leagan Gaeilge den phlean freisin.

**Chairman:** Casfaidh mé ar na Teachtaí atá linn. Tá an Teachta Calleary tar éis teacht isteach agus feicim ainmneacha an Teachta Ó Cathasaigh agus an Seanadóra Ó Donnghaile. Níl ach an Teachta Calleary agus an Seanadóir Ó Donnghaile le feiceáil. Má tá ceist nó ráiteas ag ceachtar acu, iaraim orthu gabháil ar aghaidh.

**Deputy Dara Calleary:** Gabhaim buíochas le hAilish Bhreathnach agus gach duine ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Bhí sonraí móra aici. Is í Gaillimh príomhchathair na Gaeltachta agus na Gaeilge. Tá dúshlán mór roimh an gcomhairle an Ghaeilge a spreagadh agus na daoine le Gaeilge atá ag iaraidh a bheith ina gcónaí agus ag fanacht i nGaillimh a chuidiú le cúrsaí pleánála. Dá mba rud é go raibh Ailish Bhreathnach ina hAire cad é a n-athródh sí sna cúrsaí pleánála agus dlíthe pleánála chun an Ghaeilge agus an Ghaeltacht i gcathair na Gaillimhe a shábháil agus a forbairt? Cad a dhéanfadh sí chun cuidiú le daoine nach bhfuil an t-airgead acu tithe a cheannach nó a fháil ar cíos nó a bheith lonnaithe i nGaillimh faoi láthair? Tá mé ag caint faoi dhaoine le Gaeilge nach bhfuil seans acu cónaí a bheith orthu i bpriomhchathair na Gaeilge agus na Gaeltachta.

Cad iad na cumhachtaí breise ar miste léi i gcathair na Gaillimhe chun rudaí a dhéanamh níos fearr? Tá mé ag ceapadh go bhfuil a lán rudaí ar siúl aici amhail straitéis, cultúr agus gach rud ach ní obríonn aon rud cosúil leis sin mura bhfuil daoine in ann a bheith ina gcónaí ná tithe a fháil sa chathair, ná a gclanna a thógáil, dul ar scoil ná húsáid a bhaint as na seirbhísí.

Is rud maith é cúrsaí cultúir, gnó, siopadóireachta agus turasóireachta a chur chun cinn. Tá sé go hiontach le haghaidh na turasóireachta agus na gcuairteoirí. Cad faoi mhuintir na Gailimhe agus mhuintir chathair na Gaillimhe, áfach? Cad iad na hathruithe? Is é sin an jab atá ag an gcoiste seo. Caithfimid cúrsaí a athrú chun cuidiú a chur ar dhaoine le Gaeilge agus a bhaineann úsáid as an nGaeilge a bheith ina gcónaí agus sna cathracha sa thír seo.

**Chairman:** An bhfuil duine éigin ón ngrúpa ag iaraidh freagra a thabhairt air sin?

**Ms Ailish Bhreathnach:** Ní mise an duine is éifeachtaí le freagra a thabhairt ar an gceist sin. Cuirfidh mé an cheist ar aghaidh go dtí mo chomhghleacaí, Caroline Phelan.

**Ms Caroline Phelan:** The housing issue is incredibly sensitive and the challenge with housing is universal, irrespective of one's linguistic capacity, and that is an issue. We have a unique position with regard to the Gaeltacht in that we are an urban authority and do not have legislative discretion to ring-fence specific areas, housing or aspects such as that, specifically for Irish speakers, because we would be challenged with other groups which would claim a right to live in the city and be cross-subsidised in that manner as well.

We alluded to the aspect on land use. We provide for land-use zoning for housing and it is open for all. It is not a case of what one would have in a rural area where there are restrictive policies on housing. That may be a challenge for Irish speakers in the Gaeltacht, because of the limitations and restrictive policies by virtue of which there are few opportunities for acquiring housing.

If Deputy Calleary is asking about our ideas on expanding the language in a social, education and community context, we suggest we continue what we are doing, which we do quite

well, especially with regard to the educational institutes. We enabled both Gaelscoil Mhic Amhlaigh and Coláiste na Coiribe to find schools and good sites that accommodate a school population of up to 650, in the case of Coláiste na Coiribe, and the same with Gaelscoil Mhic Amhlaigh in terms of allowing for the extension of that school. We went further than we would have on a lot of occasions in the sense that we went as far as the material contravention process, which is over and above the standard planning consent process. That school is not actually located in the Gaeltacht. It is located outside of it but it has a catchment area in the Gaeltacht, so that is a recognition of the bilingual aspect.

We would welcome more grants and an increase in the number of grants available for protected structures and things that truly reflect the cultural aspect of the city. We have 700 protected structures in the city but the number of conservation grants we get for their maintenance is quite limited.

I think we are doing a very good job with the placenames' committee of the council, on which our colleague Ms Coleman sits. That endeavour has been going on since 1992 and would have spearheaded other such initiatives throughout the country. As a result of that, 90% of residential developments within the city have an address solely in Irish. That is commendable from the planning side as well.

We are doing the maximum we can within the body of the land use plan but there are limitations. We go outside that with regard to our partnership with Gaillimh le Gaeilge in particular, and many sections in the council, including our own, have very good relationships with Gaillimh le Gaeilge. The city council itself subsidises elements of that organisation, and as a result of the recent plan, it has now attracted a significant amount of money to engineer its actions. What we can do with respect to that is enable it as much as possible through the planning process. In the city there are mediums for sustaining and encouraging the extension of the language, including cultural and educational aspects, as well as through the community element with regard to provision of facilities or subsidies so they can sustain themselves.

With regard to institutions such as Áras na nGael and An Taibhdhearc and maintaining their existing buildings, it is great they have buildings with historic status as it sends a message about the cultural aspect and are in appropriate locations. However, they need to be modernised and brought up to standard with regard to digital communication and the capacity to teach Irish on a digital platform. There are other innovative ways technology can accelerate or broaden that process.

Investment in infrastructure may be an oblique way of supporting the Gaeltacht. This has been vindicated in the work done by Gaillimh le Gaeilge in its document "The economic benefits associated with the Irish language which accrue to Galway City and to the Galway Gaeltacht". That demonstrates that a lot of the services and infrastructure, particularly with regard to transport, which would allow people to have a reasonable, sociable commute to the city and do whatever business they like, are a regional provision. Many of the services we provide cannot be provided in a lower density population, but if people can access them quickly and if they are housed in appropriate institutions, then that of itself would reciprocally sustain the Gaeltacht area and allow people the liberty to live within either the city Gaeltacht or the county Gaeltacht, which, as has been noted, is the largest Irish-language speaking place in the country. Other than that I do not have any brilliant ideas, I am afraid.

**Deputy Dara Calleary:** Labróidh mé as Béarla mar gheall gur bhain Caroline úsáid as. I get all that and I get the need for extra grants to protect the 700 structures, but Galway has a

unique status. Galway is the capital city of the Gaels. It is a regional city but it is also the capital city of Gaeilge and an Ghaeltacht. It is all very well to encourage and facilitate commuting, but let us also have the ambition to encourage people who use Irish as their daily language to live in the city. If Galway City Council led on that, it would give courage to other cities to do similar. It is all very well to depend on the county Gaeltacht but that faces different planning challenges, as we have heard from witnesses from the county council. What we as a committee are trying to do is look at the blockages with regard to the Gaeltacht, Gaeilge and its daily usage. Planning has been identified as one of those blockages. We need the city council of the capital of our Gaeltacht region to be ambitious and push the boat out to facilitate, encourage and go the extra mile. I know it has done that with Coláiste na Coiribe and other educational projects, but let us go over and above that to allow people who use Gaeilge as their daily language of choice to live in the city. Let us go over and above and push the boat out to be the city council that wants a predominantly Irish-speaking city. Of course, every other culture would be part of that as well.

How many planners on the city council have Irish and use it as their daily language when engaging with potential clients?

**Ms Caroline Phelan:** We can all have ambitions, but does the Deputy have any ideas as to how those ambitions can be delivered from a legislative or constitutional point of view? We have to remember the city is the most multicultural location in the country, so I do not know how we could do that constitutionally with regard to housing, for example. We are open to ideas and it is the Legislature that would make the provision for that.

**Deputy Dara Calleary:** We are looking for ideas too. That is the work this committee is doing. The witnesses are the ones dealing with this issue day to day. They are engaging with developers in the case of the city council, and their colleagues in the county authority are dealing with potential homeowners and so on. Based on their day-to-day interactions as planners, if they have the ambition to do this, they must have ideas as well. I am sure the Chairman and the clerk will facilitate them forwarding those ideas to us in writing.

**Ms Caroline Phelan:** All our documentation is translated into Irish. We have an e-portal site that the draft plan will be on. It is the first time we have used an e-portal and we use dual language in that regard. If anyone wants to avail of services or conduct their business in Irish, we have that capacity and that facility. We also receive applications in Irish and responses and decisions are given in Irish. I am not saying that is tokenistic but it is done on that basis. Galway city is embedded as a bilingual city and it is not unusual for us to hear that in a commercial capacity. There is a certain pride with regard to it. That is outside a planning context but we labour to get it more there in the visual aspect. That is very important. We want to normalise it, as we said in our documentation. People being able to respond as to where they live geographically with an Irish address is a very strong overture which has been achieved through language planning. There is a lot of co-operation based on that with regard to work with NUI Galway and Gaillimh le Gaeilge. It is about taking up more of the language, heritage and the embedded historical legacies from those geographical areas as well.

**Ms Ailish Bhreathnach:** Tá pleán teanga chathair na Gaillimhe ó thús an phróisis nuair a rinneadh baile seirbhísé Gaeltachta de chathair na Gaillimhe. Bhí ról lárnoch ag an gcomhairle cathrach ag túis an phróisis maidir le coistí agus fochoistí a cheapadh agus maidir le cur chuige. Ansin bhí baint mhór againn maidir leis an tairiscint a cuireadh amach a bhuaigh Ollscoil na hÉireann Gaillimh ar deireadh maidir le pleán teanga a chur le chéile. Is é Gaillimh le Gaeilge an ceanneagraíocht agus is i gcomhair leis atá muidne ag obair maidir leis an bpleán teanga sin

a chur chun cinn. Faoi láthair táimid ag fanacht maidir le oifigeach pleanála teanga a cheapadh agus tá an próiseas sin ar bun chomh maith. Beidh baint lárnach againne maidir le próiseas ceapacháin an oifigigh Gaeilge chomh maith.

**Chairman:** Ní fleicim éinne eile ar an scáileán go fóill ach tabharfaidh mé deis dóibh nuair a thagann siad isteach. Tá ceisteanna agam féin mar gheall ar an méid atá ráite ag na finnéisithe agus mar gheall ar phleanáil Ghaeltachta i gcoitinne. I dtús báire, tá aitheantas ag dul chuig an gcomhairle as an sárobair atá déanta aici maidir leis an nGaeilge. Dúirt na finnéisithe go bhfuil 41% den phobal ag rá gur féidir leo Gaeilge a labhairt. Ní gá gur sin an dream atá ag labhairt na Gaeilge ach ar a laghad is caighdeán agus céatadán i bhfad Éireann níos mó ná ceantair eile é sin. Tá aitheantas ag dul chuig an gcomhairle as an réimse tograí Gaeilge agus bainteach leis an nGaeilge atá sí ag tacú leo. Nuair a bhí mé i nGaillimh, thug mé faoi deara go bhfuil an Ghaeilge i bhfad Éireann níos sofheicthe ná mar a bhíodh ag amanna difriúla, agus tá sin go maith. Is léiriú é sin ar an bpriomhról atá ag cathair na Gaillimhe mar chathair na Gaeltachta, agus sin an tstí a fhéachann daoine uirthi.

Leis sin ar fad ráite, tá creimeadh de shíor ag tarlú ar na ceantair Ghaeltachta atá sa chathair. Níl a fhios agam go díreach cé mhéad local electoral districts, LEDs, atá ag cathair na Gaillimhe ag an staid seo atá sa Ghaeltacht. Is iadsan go háirithe atá muidne ag diríú orthu mar choiste toisc go bhfuil fadhbanna, ní hamháin i gcathair na Gaillimhe but sa Ghaeltacht i gcoitinne, maidir le tithíocht a thógáil ann gan aon choinníoll inniuilachta ar Ghaeilge leagtha síos ó thaobh siúd atá ag ceannach na tithe sin nó ag cónaí sna tithe sin. I slí amháin is sórt cop-out é nuair a deirtear gur údarás uirbeach é an comhairle agus dá réir níl aon dualgais ar leith air maidir le tithíocht Gaeltachta. A mhalaírt de thuairim atá agamsa. Beidh an tAire Stáit os comhair na coiste seo i gceann seachtaine nó coicise agus cuirfimid an cheist go díreach air. Tá súil agam go bhfuil sé chun treoirlínte a chur amach maidir le tithíocht Gaeltachta roimh dheireadh na míosa agus beidh muidne ag cur ceisteanna air maidir leis an ról atá ag cathair na Gaillimhe anseo mar tá diomá ormsa nach bhfuil aon chuspóirí ar leith leagtha síos maidir leis an gcathair agus tithíocht Gaeltachta.

Tá an dréachtphlean á fhorbairt ag an gcomhairle. Cé chomh fada eile is a bheidh sé sin mar dhréacht agus cén bhealach gur féidir leis an ngnáthphobal, nó linne, nó an leis an Aire Stáit éileamh a chur isteach go mbeadh aitheantas ceart ó thaobh pleanáil tithíochta sa phlean atá ag teacht? Tá sé luaite ag na finnéisithe go n-aithníonn an léarscáil sa dréachtphlean na codanna sin den chathair a bhaineann le stádas Gaeltachta. Tá aitheantas ann ach níl aon dualgas ar leith, go bhfios dom ná gur léirigh na finnéisithe, maidir le tithíocht leagtha síos ann go dtí seo. Más dréacht é is féidir athrú a dhéanamh air sin agus déanamh cinnte de go mbeadh polasaí éigin ag teacht. Fágfaidh mé mar sin é. B'fhéidir go mbeidh comhaltaí eile ag iarraidh ceisteanna a chur agus is féidir liom teacht ar ais. An féidir le Ailish, Caroline nó duine éigin eile freagra a thabhairt ar na ceisteanna a chuir mé?

**Ms Caroline Phelan:** I resent the terms “cop-out” and “not responsible” that have been used with regard to the development plan. There is no legal capacity on restricting housing for a special class of person, as there is in other areas. Lands are zoned for housing predicated on a national direction under the national framework plan and not the regional spatial and economic strategy, RSES. That is how urban plans are done. There could be an argument that 10% of our population are persons with disability as well. We have overtures from various persons making justifications about their right to housing, but there is a difference in an urban area and we are doing our best when it comes to land use. The other point to remember is that not all of those areas in the Gaeltacht are zoned for housing either and a lot of them are quite sensitive in terms

of the environment. The geographical spread they have would attract other types of zoning, particularly if they are adjacent to areas of conservation etc.

The draft plan is due to go on public display by the end of the month. It will be out for ten weeks for anybody to make a submission, either written, on the portal or whichever way suits them. There will also be capacity to have an outreach and public consultation process, if it is possible with Covid. When we do that in the Gaeltacht, we do it bilingually. Knocknacarra Community Centre is usually our outreach place for that side of town. Submissions can be made for ten weeks and then it will be back to the members of the council to deliberate on it. If they have any other changes, those changes go back on public display. The plan will be adopted towards the end of the year, but at the moment there is a ten-week period for anybody to make a submission.

**Chairman:** Feicim go bhfuil an Teachta Mairéad Farrell ar ais linn. Ar mhaith léi cúpla ceist a chur?

**Deputy Mairéad Farrell:** Tá na cloigíní ag dul díreach agus mé ag labhairt. Mar sin tá súil agam go mbeidh gach duine in ann mé a chloisteáil. Ar an gcéad dul síos, gabhaim buíochas leis na finnéithe agus is deas an rud é iad a fheiceáil. Is deas an rud é seomra na comhairle a fheiceáil freisin. Tá cúpla ceist agam ar dtús agus ansin tiocfaidh mé ar ais chuig na ceisteanna eile atá agam.

Tagraím do phointe 7.4.2, Cathair Dhátheangach, ar leathanach 4 den ráiteas tosaigh. Maítéar ansin, “Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn de réir mar atá forbairtí cónaithe, bóithre poiblí agus páirceanna nua á n-ainmniú agus a spreagadh go n-úsáidtear comharthaíocht Ghaeilge/dhátheangach san fhearrann tráchtála agus poiblí.” Cén chineál monatóireachta a dhéantar air sin? Cén bhealach a bhreathnaíonn an comhairle air sin agus cén bhealach a dhéanann sí monatóireacht chun déanamh cinnte de go bhfuil sé sin ag tarlú?

I bpointe 7.4.3 maítéar, “Tacú le agus éascú a dhéanamh ar fhorbairt bonneagair, a chuireann oidhreacht chultúrtha agus theangeolaíoch na cathrach chun cinn, más iomchuí.” An féidir leis na finnéithe samplaí de sin a thabhairt dom i gcaithair na Gaillimhe faoi láthair nó sna pleananna atá ag an gcomhairle? Sin an chéad dhá cheist uaim.

**Ms Caroline Phelan:** My colleague wants to come in on the last question.

**Ms Helen Coleman:** I will add to Ms Phelan’s point on what we can and cannot put into the development plan. We are quite restricted. We have the national planning framework, NPF and the regional spatial and economic strategy, RSES, which is a new national regional spatial framework and we have to align with the requirements of those frameworks. The development plan’s policy is largely evolved from those two national and regional frameworks and section 28 guidelines issued by the Government. We have been given significant direction as to what we can and cannot put into the development plan, but, certainly, if we allocated policy directly for Irish house inhabitants, we would not be able to do so in the current land-use zoning we have.

With regard to section 7.4 of the draft city development plan on bilingual cities, which seeks to “support and facilitate the development of infrastructure”, we would have a two-year progress report, once the development plan has been adopted, which would outline how we have met that objective. That could be through our cultural strategy of implementing projects or we have implementation of our public realm strategy, part of which is promotion of use of

public realm spaces in the city for various projects. We looked at some of those projects being for people who are resident in the Gaeltacht and come into the city centre for festivals such as the arts festival and that those would be Irish or bilingual. It is a range of cultural projects we would have over the year. We would monitor it through the two-year report on the implementation of the development plan objectives.

**Ms Caroline Phelan:** That is it. The function of the development plan is to facilitate and be a catalyst. Our prime function is not to monitor the usage of the Irish language. It is a shared role as well. No single body can deliver it and that comes across from publications. It is shared between education, arts and culture and between Galway city, as a Galway city corporate body, and even our chamber of commerce. There is a very receptive environment to promote it as much as possible within that realm, because it is also seen as quite attractive economically. It gives us a distinctiveness from a tourist viewpoint.

The other point is sustainability. It is not just for function as the Gaeltacht main service town. It is very important for us to continue and maintain the success and expansion of the city. One of the main projects, which was brought at a previous meeting attended by my colleagues Liam Blake and Ailish Breathnach, was the cross-party support for projects such as the N6 in terms of accessibility. That was one of the projects taken out. That is a strategic objective within the development plan. The logic behind that was not to alleviate congestion within the city, it was also to give access to the greater County Galway as well, and access in both directions.

Having strategic objectives to provide for, we have certain zones for community and infrastructure as I said, previously, with regard to education. We have policies that promote education and especially with regard to NUI Galway. We have a facilitating policy environment that allows for sustainability, as opposed to the idea of monitoring. The point is about how the language is sustained and expanded. There is a multiplicity of actions that make that happen and a multiplicity of challenges with respect to that. It is not the exclusive realm of the land use plan to do that, but it is the objective of the plan to facilitate and sustain the heritage associated with it.

As Ms Coleman has referenced, with regard to the environment for facilitating culture and arts, we deal with events licences for various things such as Macnas, which has an aspect with regard to Irish culture embedded in it. We facilitate other festivals by providing facilities, as Ms Coleman said. We provide park and ride infrastructure, etc., for all the festivals that happen through the year. Many of them are embedded in our own distinctive culture on that basis.

We can measure to some degree, such as the additional visibility of signage that is there with regard to the Irish language. We can measure that in terms of how many developments are constructed per year and it is a given that all of them are in the same language. Our colleagues in Gaillimh le Gaeilge are probably better at the bilingualism and the commercial aspect as well because not all of it comes within the realm of coming in for planning consent. They can create an encouraging environment and also have the translation capacity as well.

**Deputy Mairéad Farrell:** Tá sé mar aidhm faoi uimh. 2 de mhír 7.4 ar leathanach 4 “úsáid na Gaeilge a chur chun cinn”. Tuigim céard atá á rá ag Caroline Phelan nach bhfuil gach uile cheann acu ag dul chuig roinn phleanála na comhairle cathrach agus tuigim an jab atá á dhéanamh ag Gaillimh le Gaeilge. Mura bhfuil an mhonatóireacht sin ag tarlú sa chomhairle cathrach, b’fhéidir gurb é an rud ab fhiú a dhéanamh chun a chinntíú go bhfuil an Ghaeilge á cur chun cinn. Faoi láthair, má bhreathnaímid ar chathair na Gaillimhe, feicimid go bhfuil ardú ag teacht ar líon na ngnólachtaí agus mar sin de atá ag úsáid na Gaeilge ach caithfimid a chinntíú

go leanann sé sin ar aghaidh. Is é sin an fáth go mbeadh sé go maith dá mbeadh monatóireacht ag tarlú ó tharla go bhfuil sé mar aidhm anseo.

Cloisim an méid atá á rá ag Caroline Phelan faoin ollscoil agus mar sin de. Tá suim agam i nGort na Coiribe agus an ceantar sin ar fad ar dheis nuair atá tú ag dul trasna an droichid. Nach bhfuil sé sin ar fad sa Ghaeltacht? Bheadh suim agam a fháil amach an raibh na finnéisithe riamh i dteagmháil leis an ollscoil maidir le háit chónaithe do mhic léinn a bheadh i nGaeilge. Tá a fhios agam go ndéanann ollscoileanna éagsúla é sin.

Tá an ceart ag na finnéisithe leis an méid atá á rá acu go bhfuil go leor Gaeilge sa chathair. Tá sé suimiúil an méid atá á rá acu go dtagann laghdú air sin nuair a bhreathnaímid ar an nGaeilge in úsáid taobh amuigh den earnáil oideachais. Don té a bhíonn ag dul ó cheann go ceann na cathrach, is beag comhartha a chuireann in iúl go bhfuiltear ag dul isteach nó amach as an nGaeltacht. Tá comhartha beag ar Bhóthar Chúil Each 100 slat tar éis óstán Pháirc Mhionlaigne ach tá Bóthar Áth Cinn uile, as Dún na Coiribe siar go dtí Baile an Dúlaigh sa cheantar Gaeltachta gan chomharthaí Gaeilge agus tá an rud céanna fior faoi bhóthar Bhaile an Mhóinín in iarthar na cathrach. An bhfuil aon tionscnamh ar leith tógha ag an gcomhairle chun teacht i dtí ar an stádas Gaeltachta sna ceantair sin? Is dócha go bhfuil daoine ina gcónai i gceantair Ghæltachta sa chathair agus b'fhéidir nach bhfuil a fhios acu fiú gur ceantar Gaeltachta é. B'fhéidir gur cheart breathnú air sin, mar shampla chun bród agus mar sin a mhúscailt i ndaoine. Deir an tuairisc maidir leis an chief executive's opinion, "A socio linguistic review of the development plan is not proposed and is not a requirement of the legislation which governs the development plan process." Tá sé tábhachtach a athint go bhfuil na ceantair Ghæltachta atá taobh istigh de limistéar na cathrach ar na réigiúin Ghæltachta is laige sa Stát. I nGaeltacht oirthean na cathrach, mar shampla, níl ach 2.9% den daonra ina gcainteoirí laethúla Gaeilge lasmuigh den scoil, dar leis an daonáireamh 2016. Sin an figiúr is ísle sa Stát do limistéar Gaeltachta. Nach mbeadh athbhreithniú sochtheangeolaíochta an-áisiúil don chomhairle cathrach agus pleannána á leagan amach leis an meath teanga seo a stopadh?

**Ms Caroline Phelan:** With respect to the overt nature of signage and so on, that comes under the Roads Act. It is a good idea. The pleann teanga for cathair na Gaillimhe has just been adopted and has a lot of actions in it. Ms Bhreathnach will confirm that a specific co-ordinator is to be appointed for that. The expectation for the land use plan to deliver is broader than its remit in some ways but I do not think that excuses Galway City Council. Issues are being raised and we are working in conjunction with Gaillimh le Gaeilge because we are lead partners in that as well. Many actions come out of that plan and it is much more cross co-ordinated. There is a bigger focus with regard to what the Deputy is saying about looking at opportunities where the language can be sustained, expanded and made more visible. We have to respect the fact that the plan has only recently been adopted and we did not have a great year last year.

The Deputy asked about student accommodation. The most recent accommodation has been granted under An Bord Pleanála's strategic housing development, SHD, process but we still had a role in that. We did not ask for any of that accommodation to be reserved specifically but maybe that is something that the universities or institutes should take on as part of their idealism and vision with regard to the Gaeltacht, as opposed to having it come through the planning process. In that way, it would not be so coercive. In some ways the language plan will make it a more consensual advancement.

According to the economic study that was done, 91% of people surveyed saw huge benefit in the Irish language, not just economically. It is also a matter of ownership and willingness. That exists in the city but it is a cross-partnership thing. Ms Bhreathnach might be more privy

to those aspects of the language plan. Some of the things that have been raised can be remedied easily enough. Even the signage issue could be remedied through better communication and willingness. There are requirements anyway for signage in the Gaeltacht but it is also about psychologically feeling you are going into a Gaeltacht area. I appreciate that is not apparent or overt but there is capacity for it.

**Ms Ailish Bhreathnach:** Tá na bearta sa phlean sách ginearálta fós go mbeadh muid in ann iompú timpeall agus a leithéid de rudaí a chur san áireamh iontu agus iad a úsáid ar an gcaoi sin. Tuigim go díreach céard atá an Teachta ag rá maidir le feiceálacht na Gaeltachta. Mar dhuine ó iarhar chontae na Gaillimhe mé féin, tá a fhios agam go díreach cá bhfuil na teorainneacha. Rud thar a bheith dearfach a bheadh ansin, chun go mbeadh muid in ann imeacht timpeall agus a rá go bhfuilimid cinnte dearfa go bhfuil an chuid seo den chathair sa Ghaeltacht.

**Deputy Éamon Ó Cuív:** Tá fáilte roimh na finnéithe. Léigh mé an ráiteas ach ní raibh mé anseo don phíosa tosaigh den chruinniú so má deirim rud ar bith a bhí clúdaithe cheana féin, abair liom é. Tá cuid mhaith den fhírinne sa mhéid a dúirt an Teachta Mairéad Farrell. Tá lón uafásach íseal daoine ag labhairt na Gaeilge go laethúil istigh sa chathair. Níl aon anailís déanta agam ar réiteach an phlean contae - b'fhéidir go bhfuil anailís déanta ag na finnéithe air - ach ní léir domsa go bhfuil mórán de dhifríocht idir lón na gcainteoirí laethúla Gaeilge taobh istigh den Ghaeltacht sa chathair agus taobh amuigh de. Mar shampla, níl mórán de dhifríocht i dTír Oileáin versus Ballybane nó an Rinn Mhór agus mar sin de. Caithfimid breathnú go fuarchúiseach ar an gceist seo ar fad. Cuimhníم uaireanta bheith ag canbhásáil i dTír Oileáin agus ag dul ó theach go teach. Chloisfeá daoine ag rá go raibh duine éigin ón nGaeiltacht sa leithéid seo de theach, agus iad féin ag cónaí sa Ghaeltacht go hoifigiúil. An rud a bhí i gceist acu ná go raibh duine éigin aniar as Conamara ag cónaí sa teach a bhí ag labhairt na Gaeilge go rialta. Taispeánann sé sin nár thuig go leor den phobal go raibh siad féin, go teoiriciúil, sa Ghaeltacht.

Ag breathnú ar an gceist seo go fuarchúiseach, mar go bhfuilimid ag caint ar thithíocht agus cúrsaí pleanála fisiciúla sa Ghaeltacht, an mbeadh sé níos fearr dá mbeadh reachtaíocht láidir ag baint leis an stádas dátheangach don chathair agus an stádas a bhaineann le bailte seirbhíse Gaeltachta, nó sa chás seo cathair sheirbhíse Gaeltachta? Dhaingneodh sé sin gnéithe ar nós an méid a bheadh le déanamh ag an údarás áitiúil agus eagraíochtaí Stáit urraithe leis an ngradam sin a bhaint amach. Dá mbainfí an gradam sin amach, shoiléireodh sé an tacaíocht agus cúnamh breise a bheadh ar fáil ón Stát dá bharr, chomh maith leis na rudaí a chaithfeadh an earnáil oideachais a bhaint amach. Mar shampla, ba chóir do chúrsaí tríú leibhéal trí Ghaeilge a bheith ar fáil sa chathair agus oideachas trí Ghaeilge a bheith ar fáil de réir éilimh ar an dara agus an gcéad leibhéal. Ba chóir go mbeadh naíonraí agus naíscoileanna ar fáil ag feidhmiú trí Ghaeilge agus go mbeadh dualgais ar eagraíochtaí deonacha. Bheadh buntáiste ag baint leis an stádas seo a bheith ag áit, ní hamháin mar gheall ar an nGaeilge ach de bharr go mbeadh maoiniú cinnte curtha ar leataobh ag an Stát do chathair den chineál sin leis an stádas sin. Ar an taobh eile den scéal, bheadh dualgais ar na hearnálacha éagsúla, mar an Stát, an t-údarás áitiúil, an earnáil oideachais, eagraíochtaí deonacha agus mar sin de, rudaí áirithe a bhaint amach agus a chur ar fáil trí Ghaeilge. Thabharfaí an stádas sin don bhaile iomlán, seachas ligean orainn féin go bhfuil stádas teangeolaíochta faoi leith ag baint le codanna den chathair thar a chéile. Is í sin ceist uimhir a haon maidir leis an gcathair iomlán a thógáil, seachas a ligean orainn féin go bhfuil 40% den chathair ina Gaeltacht, rud nach bhfuil.

Is í an dara ceist ná arbh fhiú pleán Gaeltachta a leagan amach do cheantar an Mhionlaigh? Ní thógfar eastáit tithíochta riamh i Mhionlach. Tá iarsmaí fós de Ghaeilge ann agus tá comhairleoir amháin againn de bhunadh Mhionlaigh, Frank Fahey, atá ar an gcomhairle cathrach

agus a bhfuil Gaeilge aige ó cheantar Mhionlaigh. An ceart stádas faoi leith a thabhairt don cheantar sin agus, mar shampla, polasaí ar nós an pholasáí neartaithe Gaeltachta atá roinn den chomhairle contae a chur i bhfeidhm ansin? Is é sin le rá, bheadh cead tithíochta ag daoine a thíofadh a gclanna le Gaeilge nó a labhródh an Ghaeilge mar ghnáth-theanga an teaghlaigh. D'fhéadfá iarracht dá réir athbheochan a dhéanamh ar Ghaeltacht Mhionlaigh tríd an scoil agus an bpobal.

Is í an chéad cheist eile ná an ceart go mbeadh ceathrú Ghaeltachta eile i nGaillimh bunaithe, mar shampla, ar an múnla atá i mBéal Feirste? Is é sin ceantar faoi leith ina dhéanfaí iarracht dlús a chur leis an bpobal Gaeilge cathrach in áit amháin sa chathair.

Tá trí cheist ansin agus bheinn buíoch dá bhféadfadh ár n-aíonna iad a fhreagairt. Cuimsíonn an chéad cheist go leor den rud atá sa phlean teanga ach amháin go mbeadh an rud seo i bhfad níos treise ó thaobh tacaíochta ó airgead an Stáit, agus ar scála mó� le aghaidh saoráidí agus mar sin de, ach go mbeadh sé i bhfad níos dúshlánaí mar go gcaithfeadh na hearnálacha éagsúla seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil leis an stádas sin a bhaint amach. Dá dteastódh an stádas sin uathu, bheadh sé sin mar rogha ag an gcathair mar nach bhféadfaidís an stádas a bheartú gan rud éigin fíorshubstaintiúil a dhéanamh, ach ní bheadh ar an chathair é sin a dhéanamh mura mbeadh an tacaíocht chuí ar fáil.

**Chairman:** Gabhaim buíochas leis an Teachta. Ar mhiste leis an Uasal Bhreathnach ná an Uasal Phelan tabhairt faoin na ceisteanna sin, má ta freagra acu?

**Ms Caroline Phelan:** It is probably above our pay grade to be making these decisions. In reality, I do not think that we could disagree with the Deputy that, rather than having a tokenistic bilingual city or Gaeltacht, we should make some gesture that is going to strengthen it. Not everything should happen legislatively in respect of incentives or obligations because the idea of doing things by rote and making people legally obliged to do something that is personal is not necessarily the way forward. There has to be a balance where there is a willingness there also. There are many modern versions of this. We saw yesterday in Baile Átha Cliath with Conradh na Gaeilge how it said it was reflecting what was happening with Gaillimh le Gaeilge where there are means and ways in which it can be done in a modern manner that makes it attractive. With the university, in particular, there are very significant opportunities.

There is an increase in the number of Gaelscoileanna which is, to some degree, an open door. How does one perpetuate this outside of the school environment and normalise it in a greater way which can be done either by legislation or incentivisation with grants, as the Deputy has said, or consensually. That is a mixture of the three approaches to some degree. The point in respect of the Gaeltacht is that many of the boundaries are there because of the extension of the city out to that area. Do these need to be reviewed? Each of the Gaeltachtaí were put into categories of A, B and C, as the Deputy is aware, and there was a resolution with regard to policy attributed to that. Galway is in category C because of the 2% to 3% who speak Irish daily. In other words, one size does not fit all. I agree that probably a mixture of all three approaches is required: coercion, incentivisation and a certain consensual aspect. Those three together might remedy and lead to a better situation in respect of the whole Gaeltacht area. The justification for the Gaeltacht, I believe, was relative to the percentage of people who spoke Irish daily and used it as a primary language in a social context. We should do something when it is right to do it. I cannot answer that question as it is one for the committee to deliberate upon. If we are reflecting 2% to 3%, are we being legitimate in saying the entire city is a Gaeltacht? It is not that it lacks foundation, but it is an approach based upon more realism.

On the designation of an area, if one refines this and if there is a higher percentage than that 2% in a certain location, perhaps it is justified to give that area a certain status. I am not a linguist or an expert in this area, so I can only give an opinion and it is limited in respect of the land use. If the committee believes that would be successful, some work should then be done on it beforehand to go into the finer grain of what that 2% is. Is it those who are predominantly in that location?

We must also bear in mind it is an unserviced area with restrictions in regard to development, so the potential for a population there would also be quite limited. It might perhaps be better to go to a higher density area in some ways. Looking at the household profile, are these people also in the early stages of family life? These are the things that must be borne in mind. Is it worthy to do something where one is investing in the future which will be a higher population and a justification on that basis. That is a study in itself.

I have no personal thinking or position on land use. If the legislation is there, we will comply with it and it is not that we have an inherent objection, or any such thing, to it.

**Chairman:** Gabhaim buíochas leis an Uasal Phelan. Tá ceist eile agam.

**Deputy Éamon Ó Cuív:** An féidir liom teacht ar ais, le toil an Chathaoirligh?

**Chairman:** Bhí mé díreach chun é sin a rá, is é sin, sula dtagaim fén isteach, má tá ceist ag aon duine eile, iarraim orthu anois í a chur. Gabh ar aghaidh.

**Deputy Éamon Ó Cuív:** Beidh mé an-sciobtha. Luagh an tUasal Phelan ina freagra nár aontaigh sí go mbeadh iallach ann. Cheana fén, cuireadh an cheist an raibh gá le reachtaíocht. Is é an chéad rud a gcaithfimid a phlé ná go bhfuil reachtaíocht ann a thugann stádas Gaeltachta do 40% den chathair. Táim ag cur ceistenna faoi dhá rud. Táim cinnte dearfa de, dá bhfógródh an tAire Stáit le freagracht i leith cúrsaí Gaeltachta amárach go raibh an stádas sin le baint den chuid sin den chathair, go gcuirfeadh na comhairleoirí ar an gcomhairle cathrach go dóite ina aghaidh, mar is iad siúd an chomhairle cathrach.

Is é an chéad rud eile ná an bhfuil an reachtaíocht sin réalaíoch do staid na Gaillimhe. Aontaím leis an Uasal Phelan nach bhfuil an reachtaíocht réalaíoch do staid na Gaillimhe. Tá ról faoi leith ag Gaillimh mar go bhfuil sí ar thairseach na Gaeltachta is láidre sa tír. Dar liom, tá sé an-deacair ag an gcomhairle cathrach feidhmiú leis an reachtaíocht atá ann mar nach bhfuil ciall nó réasún léi maidir leis an bhfáth go bhfuil stádas anois sa bliain 2022 ag cuid amháin den chathair thar chuid eile. Déanaim eisceacht de Mhionlach.

Is rud eile é ná, dá mba rud é, mar shampla, go raibh cead ag daoine a bhfuil an Ghaeilge mar theanga theaghlaigh nó bhaile acu cead faoi leith a fháil i gceantair mar sin, faraor géar, ní bheadh i bhfad an iomarca daoine ag déanamh iarratais mar níl an oiread sin daoine sa chatagóir sin ar fud na tíre. Is mí thuiscint go gceapfaí go bhfuil.

Nuir a bhí na finnéisithe ag réiteach an dréachtphlean cathrach, an ndearna siad anailís ná staidéar ar an seasamh teanga istigh sa chathair, bunaithe ar na staitisticí is luaithe maidir leis na ceantair bheaga atá ar fáil sa daonáireamh ón bPríomh-Oifig Staidrimh? Sa mhullach air sin, má bhí ceantair áirithe níos láidre ná a chéile, ar réitigh siad pleán mar chuid den phlean cathrach chun iad a chaomhnú, mar atá de dhualgas ar an gcomhairle cathrach cheana fén maidir le chosaint na Gaeilge ó thaobh cúrsaí pleánála uirbeacha agus contae de?

**Chairman:** Gabhaim buíochas leis an Teachta. Cé atá ag iarraidh an cheist sin a fhreagairt?

**Ms Caroline Phelan:** We use the same baseline as everybody else as a census. I am not privy to any other nationally accredited census survey for Irish speakers. It asks a number of questions. As the Deputy knows, one of the competencies asked is whether a person can speak Irish and the second is whether it is used on a daily basis. That is reflected in the plan.

**Deputy Éamon Ó Cuív:** Will Ms Phelan explain to me, as someone who represents Galway, if that was analysed in the Gaeltacht and non-Gaeltacht in the small area statistics? If that analysis has been done, it will show either that there is no difference, or that there are differences and therefore there are different policies in different areas. Will she make that available to the committee? I am not just talking about taking a global figure. Parts of the city are designated a Gaeltacht. Have the small area statistics been done on all the areas that are designated and not designated to see how they compare and how there would be nuanced policies for the areas with stronger Irish? In addition, will she give us the conclusion of the linguistic analysis of the city on which the council formed its draft city plan?

**Ms Caroline Phelan:** No. The 2% that is registered as speaking Irish on a daily basis is quite small, as the Deputy will know. We do not have any forensic statistics. The objective is to protect the linguistic and cultural heritage of the Gaeltacht, including the promotion of Irish as a community language. I am not sure if any other local authority has gone into that detail.

**Deputy Éamon Ó Cuív:** Galway County Council has. It has very different policies in Árainn, An Spidéal and other places compared with the way it operates the policy in Bushypark and Barna.

**Ms Caroline Phelan:** Ours is more lateral in the sense that we have not been highlighting or siphoning the sections of the city that speak Irish. We have taken the city and laboured that with regard to the policies. It is the bilingual city. We have been promoting Irish throughout the whole geographical area where the predominate population live. I referred to two areas, both of which contain huge swathes of rural lands and protected lands also. Although they may represent a significant geographical proportion within the area, much of that area, as the Deputy knows, beyond Castlegar etc., is not zoned for housing or settlement on that basis. To answer the Deputy's question, we did not analyse where the 2% was distributed. It may have been a disadvantage, if anything, because I presume it is distributed throughout the city as opposed to being exclusively in our most populated area, the Barna area, which includes all the new housing that has led to an influx of people from outside the city. I am making a presumption that it was probably better to assume the 2% was widespread throughout the city rather than concentrated-----

**Deputy Éamon Ó Cuív:** In Barna, for example, it would not have been that way traditionally. In very recent times, there were people from the village of Barna who were native Irish speakers.

**Ms Caroline Phelan:** Yes, but I am saying that Barna-----

**Deputy Éamon Ó Cuív:** From what Ms Phelan has said, even though there is a legal obligation in relation to Irish within the designated Gaeltacht areas under the 1956 Act and all the Acts up to 2010, no special consideration was given - as it would have been in the county - for the part of the city that is designated a Gaeltacht. If the conclusion was that there is no difference there, perhaps the council should have considered looking to get rid of that status because it is a total nonsense, to seek a status as a bilingual city on a statutory basis and to have a more honest debate about the real situation of Irish in the city. It seems to me that in drawing up

the plan, there was an absolute legal obligation to examine the Gaeltacht area within the city and to draw up appropriate plans accordingly. If that was not possible or feasible, the council should have said to the Department that it was not possible and that it needed to be looked at in an holistic way. We need a totally different type of legislation to make what is to me just an honorary title of “bilingual city” into something real and meaningful that actually delivers for the Irish language.

**Ms Caroline Phelan:** To respond to that, I do not think so. We viewed it much more laterally in taking the whole city and any capacity for expansion of the use of the language within the whole city, as does the language Act for the city in that it is not exclusively relevant to those two geographical areas. In addition, it is not the place of a planning authority to eliminate Gaeltachts, for starters. The other part of that is the cultural heritage of the Gaeltacht: it does not reside exclusively within those geographical areas either. As was said, institutions such as Áras na nGael and Gaillimh le Gaeilge are located within the non-Gaeltacht areas. There is a whole physical legacy and music legacy etc. throughout the whole city. It would have been remiss and reductionist of us to reduce it to electoral divisions within the city to find that 2%, hunt them down and give them a label. We view it much more laterally. We also embrace the culture associated with it. That is what the statutory objective states; it is not exclusively linguistic. It includes the cultural heritage of the Gaeltacht.

**Deputy Éamon Ó Cuív:** Sorry to interrupt, but the Gaeltacht legislation of designation was totally on linguistic grounds. If one were to include music, hurling and any other cultural feature, on a hurling basis Kilkenny is probably the strongest Gaeltacht in the country.

**Ms Caroline Phelan:** But the statutory objectives-----

**Deputy Éamon Ó Cuív:** There are now parts of Dublin, for example where Cuala GAA is in south Dublin, that have high percentages of Irish speakers because of all-Irish schools. It is not what the Gaeltacht legislation is about. The planning legislation in regard to the Gaeltacht flows from the Gaeltacht legislation of 1926, 1956 and 2010. It is purely linguistic. It has nothing to do with music, hurling, football or anything else.

**Ms Caroline Phelan:** Again, I would say the distillation of the culture is also literary. With regard to that, the activities that happen in Áras na Gael are part of the Gaeltacht legacy. The legislation refers to cultural heritage. I believe it is broader than linguistic. From our perspective the obligation is broader, and it is healthy that we think that way.

**Deputy Dara Calleary:** I will speak in English. How can you call your city bilingual when it only has 2%? I wish to come back to the point I made at the beginning of the meeting. The council seems to be confining itself to a planning authority. It is more than that. It is the prime development body of the city, the prime development body of my regional capital and the prime development body of the principal city in our Gaeltacht region. Surely that 2% figure should drive you on to increase that figure, to do an awful lot more, to be far more ambitious, to be willing to push the boundaries and to make us push the boundaries to give you a bilingual city and thereby lead the way for other cities. Deputy Ó Cuív referred to other cities. Let us look at the work going on in Clondalkin in south Dublin. They are hungry to develop an Irish speaking culture within their community. Maybe I am getting it wrong - perhaps it is due to these horrible Zoom meetings or whatever you call them - but I am not getting any sense of ambition from you guys. I know it is there, but I do not get it. I look at the screen and I see heads shaking. We need the council, as the lead development and planning authority, to challenge us to do more as a legislature to encourage the Gaeltacht, and not to be afraid to encouraging it. I know

it is a multicultural city - I get that - but a unique part of Galway is our Irish-language part of the city. I am not hearing from the witnesses that they are ambitious or hungry enough to do more to develop that. Perhaps I am wrong, but I just do not get it from our witnesses. I am in and out of Galway a great deal. I see it on the streets and in all of the bodies our witnesses have mentioned: Gaillimh le Gaeilge, An Taibhdhearc agus gach rud mar sin, but I am just not getting it here today.

Perhaps after the meeting our witnesses can put their position in writing to us. As I said earlier, if our city council witnesses were the Ministers for the Environment, Climate and Communications or for Housing, Local Government and Heritage, what would they do?

**Ms Ailish Bhreathnach:** Mar fhreagra ar an Teachta Calleary ansin maidir leis an easpa uaillmhéine a fheiceann sé linne, b'fhéidir gurb é an rud is fearr dúinne a dhéanamh anois maidir leis an mbaile seirbhíse Gaeltachta agus Plean Teanga Chathair na Gaillimhe 2020-2026, atá forbartha agus faofa ag na baill, ná a rá gur rud nua é seo i ndáiríre dúinne mar chathair an coincheap seo a bheith mar bhaile seirbhíse Gaeltachta, mar is coincheap nua atá ann. B'fhéidir, agus é sin á rolladh amach agus á chur i bhfeidhm, go dtiocfad na deiseanna agus na dúshláin sin a d'fhéadfaimis a chur os comhair an chomhchoiste amach anseo agus tabhaint faoi sin ar bhealach ar dtús.

B'fhéidir freisin nár mhiste a lua mar gur luaigne an Teachta Ó Cuív ar ball na gnéithe áirithe teanga agus mar sin de. Arís, is cuid den aidhm a bheadh ag an bplean teanga seo ná comhtháthú a dhéanamh ar na seirbhísí, na háiseanna, an líon áineasa agus ar gach rud mar sin a bhaineann le cúrsaí teanga le go n-aithneofaí iad agus chun iad a chomhtháthú sa chaoi is go mbeadh duine in ann a rá cad a bhfuil agus nach bhfuil againn. B'fhéidir gur b'shin é, ar deireadh, cuid de na dúshláin a chuirfimis roimh an gcomhchoiste mar Theachtaí ina dhiaidh sin, is é sin le cineál gap analysis a dhéanamh chomh maith le pleán teanga a chur i bhfeidhm.

**Deputy Dara Calleary:** Táim sásta leis sin. Tá ár bhfinnéithe ón gcomhairle cathrach i láthair na faidhbe agus tá na deiseanna acu anois chun a dtuairimí a chur os ár gcomhair. Más rud é go bhfuil siad ag iarraidh a bheith bríomhar, táim cinnte go mbeidh siad in ann é sin a dhéanamh. Tá deis ag cathair na Gaillimhe nach bhfuil ag a lán údarás eile agus bheinn buíoch arís den Uasal Bhreathnach an deis sin a thapú.

**Deputy Joe McHugh:** Tá achan rud níos soileáire dom anois. Táim buíoch do na daoine a tháinig os comhair an chomhchoiste. Tá taithí agam faoi na rudaí atá ag bogadh ar aghaidh i gceantar agus cathair na Gaillimhe forsta, ní hamháin ag an dream atá i gceist ann ach na daoine uilig atá ar an talamh anois agus san am a chuaigh thart. Nuair a bhí mo dhuine sa teach tábhairne i gceantar chathair na Gaillimhe, bhí an Ghaeilge ann agus tá sí ar an talamh. Mar a dúirt an Teachta Calleary, tá an Ghaeilge ann agus is í an chéad chéim eile a bheidh i gceist ná trí na seirbhísí. Aontaím leis an gcomhairle cathrach maidir leis an iarracht atá le baint amach ag an gcomhairle contae, ní hamháin i nGaillimh, i Maigh Eo agus i nDún na nGall, ach in achan cuid den chontae freisin.

Dá mbeadh aon bhearna ann, mar shampla, sna cúrsaí earcaíochta, is dúshlán mór é sin go mbeadh na daoine leis na scileanna sa Ghaeilge ag obair sa rannóg pleánala agus b'fhéidir go mbeadh Gaeilge lag ag na daoine sin atá fostaithe. Is é sin an dúshlán agus ba chóir go mbeimis ionraic maidir leis an nGaeilge in achan cuid den chontae seo. B'fhéidir ansin go mbeimid ann fa choinne na mbuntáistí agus na ndeiseanna atá ann de bharr agus ar son na Gaeilge freisin.

Is é an comhrá atá ann inniu agus an comhrá a rinne an Cathaoirleach agus a chomh-

ghleacaithe roimh an Nollaig leis na hoifigigh timpeall na tíre, cibé Maigh Eo, Dún na nGall nó Ciarraí a bhí ann, ná go bhféadfaí é seo a bheith ina dheis do mo dhuine an Ghaeilge a bhogadh ar aghaidh agus lena húsáid. Tá an t-Idirlíon ann anois agus b'fhéidir go mbeidh seans ann fosta nuair a bheidh an díospóireacht ag bogadh ar aghaidh sa chomhairle contae, cibé contae, agus dá mbeadh an Ghaeilge ann, go mbeadh seans ann nasc nó cumarsáid a dhéanamh leis an gcomhchoiste seo. Tá an chéad chéim socraithe anois leis an gcomhchoiste. Is é seo an chéad am a bhfuil ceangal níos tábhactaí agus níos dearfaí i gceist fa choinne na cumarsáide seo. Mura bhfuilimid ag caint, ní bheidh achan rud ag tarlú amach anseo ach tá mo dhuine ag caint, ag déanamh comhrá agus ag streachailt leis na deacrachtaí atá i gceist leis an nGaeilge. Tá an ghloine leathlán i mo thuaraim. Gabhaim buíochas lenár bhfinneáithe arís as a gcuairt go dtí an comhchoiste inniu.

**Chairman:** Gabhaim buíochas leis an Teachta. Tá cúpla ceist eile agam agus tiocfaidh mé ar ais ar roinnt de na freagraí a fuair mé.

Fuaireamar freagra ansin agus luadh go raibh an national planning framework nó an regional planning framework i gceist nuair a bhíonn an comhairle cathrach ag déanamh cinntí maidir le tithíocht nó forbairt. Is í an chuma atá air sin nuair a dhéantar é sin ná go bhfuil an comhairle cathrach ag déanamh neamháid ar roinnt de na píosaí reachtaíochta eile, mar shampla, the Planning and Development Act 2000 nó fiú amháin, mar a luagh an Teachta Ó Cuív, Acht na Gaeltachta agus a leithéid, áit a bhfuil dearmad á dhéanamh anois ag an comhairle cathrach, mura bhfuil sí ag tabhaint na forálacha atá ann chun cuimhne.

Luadh, mar shampla, nuair a bhí na príomhfheidhmeannaigh anseo againn ó na comhairlí contae eile, go raibh siad ag lorg soiléirithe maidir leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, áit a deir an tAcht sin in alt 10(2):

...a development plan ... [must] include objectives for-

[...]

(m) the protection of the linguistic and cultural heritage of the Gaeltacht including the promotion of Irish as the community language, where there is a Gaeltacht area in the area of ... [that] development plan.

Níl aon scaradh amach nó exception ann do cheantair uirbeacha, agus sa fhereamar go dtí seo ná sa mhéid a bhí sa ráiteas tosaigh, bhí an chosúlacht ann go raibh an comhairle cathrach ag glacadh leis nach raibh dualgais bħreise uirthi toisc gur cathair ná ceantar uirbeach a bhí i gceist. Táim fén den tuairim, agus glacaim go bhfuil daoine eile amhlaidh, toisc an méid atá sa reachtaíocht seo, agus ní hamháin sin ach an reachtaíocht fén faoin nGaeltacht, go bhfuil dualgais bħreise ar chathair na Gaillimhe, seachas mar atá ar chathracha eile, de bharr go bhfuil Gaeltacht ann. B'fhéidir go bhfuil sé casta ach tá an dualgas sin uirthi.

Rachaidh mé ar ais go dtí vóta a caitheadh in 2015, nuair a glacadh d'aon ghuth le rún a ritheadh ag an am ó Chomhairleoir Cathal Ó Conchúir, comhairleoir de chuid Shinn Féin, nuair a bhí an comhairle ag déanamh díospóireacht ar an bplean forbartha atá ann faoi láthair, an pleán reatha. Għlaç an comhairle d'aon ghuth go mbeadh plean curtha le chéile chun eastáit tithíochta do Għaeilgeoirí a thogħiġi sa chathair. Ní fios dom gur tharla sé sin agus fiú amháin luadh áiteanna ina leith sin ag an am, mar shampla, Cnoc na Cathrach. Níl go leor eolais agam faoi cheantar na Gaillimhe arb é sin an áit is fearr ach ní cuimhin liom aon tuairisc ó shin faoi eastáit tithíochta a bheith tógha nó pleanáilte laistigh den chathair do Għaeilgeoirí.

Tá dualgais eile ar chathair na Gaillimhe maidir le pleanáil agus mar sin de agus is iad sin dualgais maidir le comharthaí bóthair. Sna ceantair Ghaeltachta den chathair, tá na comharthaí bóthair in ainm is a bheith go hiomlán trí Ghaeilge. Tá siad dátheangach, áfach, agus tá an Ghaeilge bhrocach nó lochtach iontu. Is jab é sin don chathair déileáil leo. Tá Bóthar Bhaile an Mhóinín nó Bóthar na Ceapaí i measc roinnt de na cinn atá curtha os mo chomhair.

Chomh maith leis sin, toisc go bhfuilimid ag caint faoin bpróiseas maidir le dréachtphlean forbartha na cathrach, ní raibh sé go hiomlán éasca dóibh siúd a bhí ag iaraidh achainíocha a dhéanamh ar an bpróiseas sin mar ní raibh na saincheisteanna ar fáil as Gaeilge ná an méid a bhí an príomhfheidhmeannach tar éis a rá maidir leis an tuarascáil a rinne sé ar an gcéad dhréacht den phlean. Ní raibh sé sin ar fáil as Gaeilge ach oiread. Rinne sé deacair do Ghaeilgeoirí a bheith mar chuid den phróiseas. Tá jab mór le déanamh ag na finnéisithe.

Nílimid ag déileáil le cad iad na hinstituídí ná na rudaí eile Gaeilge ar chóir a bheith i ngach uile chathair nó áit sa tir sa chás seo. Táimid ag déileáil le ceist phleanáil tithíochta agus a leithéid. É sin ráite, níor mol aon duine go mbeadh na hinstituídí ná na heagrais Ghaeilge ar fad lonnaithe sa Ghaeltacht. Bhí electoral districts, EDs, luate. Nobody suggested that we limit the venues and the Irish language organisations to just those Gaeltacht EDs. In fact, it is the opposite. We want more in the Gaeltacht EDs as well as the other areas.

Tá jab mór le déanamh againn agus toisc go bhfuil an domhan Gaeilge agus Béarla ag féachaint ar chathair na Gaillimhe, toisc go bhfuil sí amuigh ansin agus gur chathair dhátheangach í, táimid ag iaraidh cuidiú leis na finnéisithe an tréith sin a chur chun cinn agus a aimsiú, mar ní fheicim go bhfuil sé aimsithe acu go fóill. Ó thaobh an lae inniu de, áfach, is go mbeimis ag féachaint ar chathair na Gaillimhe mar chathair le ceantar Gaeltachta ann, seachas mar chathair ar imeall na Gaeltachta. Caithfimid níos mó áiseanna agus deiseanna a thabhairt do Ghaeilgeoirí sa chathair, tithíocht ina measc.

Níl a fhios agam an bhfuil aon duine ag iaraidh freagra a thabhairt ar an méid atá ráite agam, agus mura bhfuil aon duine eile ag iaraidh ceist ghasta a chur ar na finnéisithe, cuirfimid críoch leis an geruinniú tar éis an méid atá le rá ag Ailish Breathnach nó duine den fhoireann.

**Ms Caroline Phelan:** I have one question and it is to do with analysis of how one perpetuates a language that is challenged. If you live in a city, your interactions will be very frequent. If you lived in an estate that was exclusively Irish speaking, that in itself would not save the language. What other methodology within a land use plan does the Chairman see as saving it?

On the reference to the overture, that may have been in the housing programme of the local authority, that may have been an overture from a councillor at that stage about having one exclusively for Irish speakers. It did not come up during the duration of the previous development plan, for which period Cathal Ó Conchúir was around.

There seems to be just one solution to salvaging the Irish language and it seems to be predicated exclusively on having single housing estates within an urban area. Looking at linguistics globally and peripheral languages that are challenged, the platform for sustaining and extending those is not exclusively based elsewhere on housing. I wonder what other areas the Chairman sees in the development plan. We see it for the cultural aspect, communication and business and the Gaeilgeoirí, which have been a total success in the city.

**Chairman:** Tuigim sin. Is é an fáth go bhfuilimid ag diriú isteach ar thithíocht anseo ná gurb é sin an t-ábhar cainte atá againn inniu. Ní rabhamar ag diriú isteach ar na hábhair eile ar

fad. Táimid tar éis déileáil sa choiste seo agus lasmuigh dó leis na háiseanna eile a bhfuil gá leo chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Táimid tar éis deich mbliana a chaitheamh ag plé Acht teanga nua agus tá an coiste seo tar éis déileáil le breis agus 300 leasú ag déanamh iarrachta réimsí difriúla maidir leis an nGaeilge a chur chun cinn agus a tharrtháil.

Tá go leor eile gur gá a dhéanamh ach inniu bhíomar ag díriú isteach ar thithíocht toisc gurb í Comhairle Cathrach na Gaillimhe an chomhairle cathrach deireanaí nár labhraíomar léi faoi chás phleanáil tithíochta toisc gur fhadbh bhunúsach é ó thaobh cheantair Gaeltachta nach bhfuil tithíocht ar fáil ipmti dóibh siúd a bhfuil Gaeilge acu. Tá fadhb ann lasmuigh den Ghæltacht chomh maith céanna, ach toisc gur Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal na Gaeilge í seo, déanaimid díriú isteach air sin.

Dúirt príomhfheidhmeannaigh na gcontaetha eile go raibh bunfhadhanna acu. Lorg siad treoir, míniú nó soiléiriú ón Aire agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maidir leis na treoirlínte atá ann faoi láthair. Mar a dúirt mé, tá an tAire chun teacht os ár gcomhair i gceann coicíse chun na treoirlínte nua a fhógaírt nó míniú a thabhairt dúinn ar cén uair a bheidh siad ann. B'fhéidir go gcuideodh sé sin leis na comhairlí nuair atá siad ag déileáil leis na dréachtphleananna forbartha atá ar siúl faoi láthair i mbeagnach gach uile chontae sa tír agus go dtabharfad sé sin tacaíocht dóibh.

Chomh maith leis sin, bhí breithiúnas le déanaí i gcás ar ghlac chomharchumann Ráth Chairn i gcoinne eastáit thithíochta a bhí á tógáil i gceantar Gaeltachta gan choinníollacha teanga ann. I gcás chathair na Gaillimhe, glacaím leis má tá eastáit tithíochta pleánálte d'aon cheann de na ceantair Ghaeltachta atá sa chathair atá ag an gcomhairle agus nach bhfuil coinníollacha Gaeilge ann, beidh raic ann agus b'fhéidir go mbeidís os comhair na gcúirteanna de thairbhe an méid a dúirt an Ard-Chúirt i gcás chomharchumann Ráth Chairn.

Tá súil agam gur soiléiriú é sin. An bhfuil an Teachta Ó Cuív ag iarraidh cur leis sin?

**Deputy Éamon Ó Cuív:** Tá an Cathaoirleach tar éis teacht ar chnámh na huillinne anois leis an gceist seo. Feictear dom le fada an lá go bhfuil dearcadh ag daoine maidir le reachtaíocht Ghaeltachta agus reachtaíocht teanga ina gcoiteann nach gcaitear cloí léi i ndáiríre agus go bhfuil sí ann mar ornáidíocht ach ní mar dhlí, ach is dlí í. Murab ionann an dlí airítéar an dlí.

Mura gcreideann Comhairle Cathrach na Gaillimhe go bhfuil sé réasúnach forálacha a chur sa phlean go gcaithfear, ar a laghad, lucht labhartha na Gaeilge a bheith ina eastáit sa chathair, ní thuigim cén fáth nach gcuireann sí aighneacht á rá nach bhfeileann an stádas Gaeltachta di agus go bhfeilfeadh stádas eile di.

Is é mé féin a bhí ag plé i dtosach báire le bailte seirbhíse Gaeltachta agus cathracha dátheangacha. Bhí i gceist agam i gcónai go mbeadh reachtaíocht dheimhneach láidir roghnach taobh thiar de seo, ach dá roghnódh ceantar nó cathair le dul le stádas dátheangach, go mbeadh coinníollacha láidre reachtúla ar na hearnálacha éagsúla nó chaillfidís an stádas agus an chistíocht a bheadh ag dul leis. Bheadh sé roghnach go hiomlán an t-iarratas a dhéanamh agus glacadh agus cloí leis.

Ní fhéadfáí an t-airgead a thógáil agus an stádas a bheith ag an gcathair gan an gníomh a dhéanamh. Tá an iomarca dó sin ag baint leis an nGaeilge le fada an lá. Mar a dúirt an Cathaoirleach, bhí orainn an tAcht teanga a láidriú dá bharr. Ar an dóigh céanna, mura bhfeileann an stádas Gaeltachta do chathair na Gaillimhe níos mó, níor cheart neamháird a dhéanamh air. Ní féidir neamháird a dhéanamh ar an dlí agus tá an ceart ag an gCathaoirleach gur cheart dúinn

a bheith ag brú go gcloífear leis an dlí mar atá sé i láthair na huaire. Mura bhfeileann sé, tá sé in am é sin a rá, agus a rá go dteastaíonn leagan amach eile reachtuil seachas an ceann atá ann i láthair na huaire. Bheadh aon rud eile go han mhí-ionraic.

**Chairman:** Muna bhfuil na finnéisithe ag iarraidh freagra a thabhairt ar an bpóinte sin, is féidir linn críoch a chur leis an gcuinniú. Gabhaim buíochas leis na finnéisithe as na ceisteanna a fhreagairt agus teacht os ár gcomhair. Tá an t-ábhar seo tábhachtach. Tá sé i gceist againn tuairisc a chur le chéile bunaithe ar an méid atá ráite ag na finnéisithe agus na dreamanna eile a tháinig os ár gcomhair mar gheall ar an ábhar seo nuair atá an tAire críochnaithe leis an méid a bheidh le rá aige i gceann coicíse. Scaipfimid an tuairisc sin chucu agus chuig gach duine eile a bhí os ár gcomhair agus foilseoidh muid í amach anseo. Tá súil agam nach mbeidh aon mhoill i gceist ann mar tá na comhairlí contae agus cathrach timpeall na tíre ag féachaint ar cheisteanna maidir le ceantair Ghaeltachta agus tá siad ag iaraidh déanamh cinnte de go bhfuil siad ag cloí leis an dlí agus nach bhfuil siad ag teacht salach air.

Gabhaim buíochas arís le hAilish Breathnach, oifigeach Gaeilge Chomhairle Cathrach na Gaillimhe; Liam Blake, pleánálaí feidhmeannach sinsearach; Helen Coleman, pleánálaí feidhmeannach sinsearach; agus Caroline Phelan, pleánálaí sinsearach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, a thóg an chuid is mó de na ceisteanna.

Cuireadh an comhchoiste ar athló ag 3.32 p.m. go dtí 1.30 p.m., Dé Céadaoin, an 26 Eanáir 2022.